



Foilsiú na Tuarascála agus na gCuntas Bliantúil 2016 Publication of Annual Report and Accounts 2016

An 28 Meán Fómhair, 2017

Inniu, d'fhoilsigh an Bord Pleanála, an comhlacht Rialtais atá freagrach as achomhairc phleanála agus iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh agus tithíocht a chinneadh, a Thuarascáil agus a Chuntais Bhliantúla 2016.

Cásobair Phleanála agus Feidhmíocht

I gcaitheamh 2016, mhéadaigh líon na gcásanna a fuair an Bord Pleanála de 9% i comparáid leis an mbliain roimhe sin, rud a léiríonn méadú ar ghníomhaíocht tógála. Go deireadh Lúnasa 2017 fuarthas 1,695 cás san iomlán, suas 16.5% ar an tréimhse chéanna i 2016.

September 28th, 2017

An Bord Pleanála, the independent Government body responsible for deciding planning appeals and applications for strategic infrastructure and housing developments, has today published its Annual Report and Accounts for 2016.

Planning Casework and Performance

In 2016, the number of cases received by An Bord Pleanála was up 9% on the previous year at 2,163, which while reflecting a moderate increase in activity remained at a relatively low level. To the end of August 2017, the total number of cases received was 1,695 up 16.5% for the same period in 2016.

Cásanna Pleanála a Fuarthas	Planning Cases Received	2012	2013	2014	2015	2016	2017 ¹
Gnáthachomhairc Phleanála	Normal Planning Appeals	1,431	1,396	1,456	1,646	1,827	1,358
Gach Cás-Obair Phleanála	All Planning Casework	2,227	1,814	1,810	1,979	2,163	1,695

¹ Go deireadh Lúnasa

¹ To end August

Tá cuspóir reachtúil ag an mBord Pleanála d'achomhairc phleanála (gnáthachomhairc phleanála) a chinneadh laistigh de 18 seachtaine: I 2016, cuireadh 82% de ghnáthachomhairc phleanála (83% i 2015) de láimhe sa spriocthréimhse. Ba é 1,745 líon na gcásanna a cuireadh de láimhe i 2016, i gcomparáid le 1,637 i 2015, arbh ionann é agus 7% de mhéadú. Ba é 16 meánlíon na seachtainí a thóg sé gnáthachomhairc phleanála a chur de láimh i 2016.

An Bord Pleanála has a statutory objective of deciding planning appeals (normal planning appeals) within 18 weeks. In 2016, 82% of normal planning appeals were disposed (83% in 2015) within the target period. The number of such cases disposed in 2016 was 1,745 versus 1,637 in 2015, an increase of 7%. The average number of weeks to dispose of normal planning appeal cases in 2016 was 16.

Cásanna Pleanála a Cuireadh de Láimh laistigh de Spriocthréimhsí Reachtúla	Planning Cases Disposed within Statutory Objective Periods	2012	2013	2014	2015	2016	2017³
Gnáthachomhairc Phleanála (18 seachtaine)	Normal Planning Appeals (18 weeks)	36%	72%	83%	83%	82%	74%
Gach Cás-Obair Phleanála ²	All Planning Casework ²	41%	62%	75%	80%	79%	73%

² Laistigh den spriocthréimhse reachtúil lena mbaineann

² Within relevant statutory objective period

³ Go deireadh Lúnasa

³ To end August

Tá comhlíonadh na spriocanna reachtúla go deireadh Lúnasa 2017 (74%) ar gcúl i gcomparáid leis an tréimhse chéanna i 2016 (80%) de bharr srianta cumais ar leibhéal an Bhoird. Tá comhaltaí nua ceaptha ar an mBord agus tá siad tar éis dul i mbun oibre leis an mBord Pleanála; meastar go gcuirfear deireadh le haon riaráiste faoi dheireadh 2017.

Compliance with statutory targets to the end of August 2017 (74%) is behind the same period in 2016 (80%) due to capacity constraints at Board level. New Board members have now been appointed and have commenced work with An Bord Pleanála and it is expected that any backlog will be run down by the end of 2017.

Iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh

Le linn 2016, eisíodh 10 gcinneadh maidir le mórfhorbairtí bonneagair straitéisigh, a ndéantar iarratais maidir leo go díreach chuig an mBord Pleanála mar seo a leanas:

Strategic Infrastructure Development Applications

During 2016, 10 decisions were issued in relation to major strategic infrastructure developments, applications which are made directly to An Bord Pleanála as follows:

Cur síos	Cinneadh	Description	Decision
Feirm Ghaoithe, Cladán, Co. Mhaigh Eo	Deonú le coinníollacha	Wind Farm, Oweninny, Co. Mayo	Grant with conditions
Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin, Co. na Mí	Diúltú ceada	Emlagh Wind Farm, Co. Meath	Refuse permission
Feirm Ghaoithe ag an Mhín Bhog agus bailte fearainn eile, Co. Dhún na nGall	Diúltú ceada	Wind Farm at Meenbog and other townlands, Co. Donegal	Refuse permission
Feirm Ghaoithe na Maighne, Co. Chill Dara agus Co. na Mí	Diúltú ceada	Maighne Wind Farm, Co. Kildare and Co. Meath	Refuse permission
Calafort Dhún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath	Deonú le coinníollacha	Dun Laoghaire Harbour, Co. Dublin	Grant with conditions
Ospidéal Náisiúnta na Leanaí ag Campas Ospidéal San Séamas, Cathair Bhaile Átha Cliath	Deonú le coinníollacha	National Paediatric Hospital at St. James' Hospital Campus, Dublin City	Grant with conditions
Feirm Ghaoithe Chnocán an Phóna i mbailte fearainn éagsúla, Contae Chiarraí agus Chorcaí	Deonú le coinníollacha	Grousemount Wind Farm in various townlands, Counties Kerry and Cork	Grant with conditions
An tIdirnascaire Leictreachais Thuaidh-Theas, Contaetha na Mí, an Chabháin agus Mhuineacháin	Ceadú le coinníollacha	North-South Electricity Interconnector, Counties Cavan, Meath and Monaghan	Approve with conditions
Fo-stáisiún, Caisleán na Gráinsí, Co. Bhaile Átha Cliath	Ceadú le coinníollacha	Substation, Grange Castle, Co. Dublin	Approve with conditions
Soláthar Cumhachta 220kv d'Ionad Sonraí Apple, Co. na Gaillimhe	Ceadú le coinníollacha	220kv Power Supply for Apple Data Centre, Athenry, Co. Galway	Approve with conditions

Cuireadh ceithre iarratas isteach i 2016, a thug go 86 iomlán na n-iarratas díreach chuig an mBord Pleanála ó tháinig na forálacha i bhfeidhm i 2007 faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt maidir le forbairtí bonneagair poiblí agus príobháideacha. I measc na n-iarratas a fuarthas i 2016 bhí togra maidir le saoráid fuinnimh ag Rinn an Scidígh, Contae Chorcaí, tionscadal tarchuir leictreachais maidir le hionad sonraí ar son Apple in mBaile Átha an Rí, Contae na Gaillimhe agus dhá fheirm ghaoithe i gContaetha na Mí agus Uíbh Fhailí.

Tithíocht

I bhfianaise an tús áite atá á thabhairt ag an Rialtas do sholáthar tithíochta, tá tús áite tugtha ag an mBord Pleanála le blianta beaga anuas d'fhorbairtí cónaithe de bhreis is 30 aonad a bhíonn le cinneadh. I 2016, thaispeáin an Tuarascáil Bhliantúil méadú ar líon na gcásanna forbartha beartaithe il-aonad; fuarthas 91 cás achomhairc maidir le os cionn 30 aonad tithíochta (bhain 38 díobh le forbairtí beartaithe de bhreis is 100 aonad tithíochta), arb ionann é agus méadú ó 60 cás i 2015.

I measc na dtionscnamh eile, gheofar sa doiciméad beartais forálacha chun an próiseas pleanála a athchóiriú chun éifeachta agus dlús a chur leis faoi chatagóir nua de Forbairt Straitéiseach Tithíochta. Foilsíodh an reachtaíocht leis na próisis seo a achtú an 3 Iúil 2017, trínar ceadaíodh iarratais ar

Four applications were submitted during 2016 bringing the total number of direct applications made to An Bord Pleanála to 86 since provisions became operative in 2007 under the Planning and Development Act for public and private infrastructure developments. Applications received in 2016 included proposals for a waste to energy facility at Ringaskiddy, an electricity transmission project related to a data centre for Apple in Athenry, County Galway and two wind farms in Counties Meath and Offaly.

Housing

In light of the government priority to address housing supply issues, An Bord Pleanála has prioritised residential developments of over 30 units for decision over the past number of years. During 2016, the Annual Report shows an increase in the number of proposed multi-unit development cases with 91 appeal cases received for 30 plus housing units (38 were for proposed developments of more than 100 housing units), an increase from 60 cases in 2015.

July 2016 saw the publication of Rebuilding Ireland which contains provisions for streamlining and fast-tracking the planning process for a new category of Strategic Housing Development. The legislation to enact these processes was published on 3rd July, 2017 allowing applications for major residential

mhórfhorbairtí cónaithe agus cóiríocht do mhic léinn a ídhéanamh go díreach chuig an mBord Pleanála. Foilsíodh sraith iomlán doiciméad teorach agus bunaíodh aon Straitéis Forbartha Tithíochta sa Bhord Pleanála chun déileáil leis an bhfeidhm nua.

Áirítear ar an bpróiseas nua iarratais céim chomhairliúcháin trí choda leis an mBord Pleanála, an t-iarratasóir ionchasach agus an t-údarás pleanála. Amhail ar 27 Meán Fómhair, 2017, bhí 19 iarratas bailí ar chomhairliúchán réamhiarratais faighte. Taisceadh an chéad dá iarratas iomlán agus cinnfear iad laistigh den spriocthréimhse éigeantach 16 seachtaine.

Fáil ar Líne ar Sheirbhísí Pleanála

Tá mórstraitéis bhunathraitheach TFC á cur chun feidhme i láthair na huaire ag an mBord Pleanála, trína dtabharfar isteach, amach anseo, seirbhísí pleanála ar líne mar chuid d'uasghrádú agus athsholáthar na bpríomhchóras. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tionscadal i gcaitheamh 2016 de réir mar a thosaigh díoltóirí ag forbairt córais chun tacú le hobair an Bhoird Pleanála. Sa chéad chéim den tionscadal i 2017 beidh córais chúil ar fáil beo le raon iomlán seirbhísí lena n-áirítear achomhairc a chur isteach, iarratais, tuairimí agus idirbhearta eile a bheidh ar fáil don phobal i 2018.

developments and student accommodation to be made direct to An Bord Pleanála. A full suite of guidance documentation has been published and a Strategic Housing Development unit established in An Bord Pleanála to deal with the new function.

The new application process includes a tripartite consultation stage with An Bord Pleanála, the prospective applicant and the planning authority. As of 27th September, 2017, 19 valid requests for pre-application consultations have been received. The first two full applications have been lodged and are to be decided within a 16-week mandatory timeframe.

Online Access to Planning Services

An Bord Pleanála is implementing a major ICT transformation project strategy which will see the future introduction of online planning services as part of an upgrade and replacement of core systems. Significant progress was made on the project during 2016 as vendors commenced development of systems to support the work of An Bord Pleanála. The first phase of the project in 2017 will see back end systems going live with a full range of services including online submission of appeals, applications, observations and other transactions to be available to the public in 2018.

An todhchaí

Ba é 12-20% an méadú a measadh, i dtús báire, a bheadh ar iontógáil cásanna i 2017 i gcomparáid le 2016. Thuairisc an Phríomh-Oifig Staidrimh méadú de 20% ar fud an Stáit i líon na gceadanna pleanála a tugadh sna chéad sé mhí de 2017, agus is táscaire úsáideach é sin den líon cásanna a d'fhéadfaí a dhéanamh chuig an mBord Pleanála.

Anuas ar chomhairliúchán réamhiarratais agus iarratais dhíreacha ar Fhorbairtí Straitéiseach Tithíochta, áiríodh ar na cásanna nua a fuarthas i 2017 cásanna den tobhach nua ar láithreáin fholmha agus orduithe ceannaigh éigeantaigh, catagóirí ina bhfacthas méadú ar chásanna de réir mar a chuirtear tionscnaimh i bhfeidhm chun an géarchéim reatha tithíochta a leigheas. Anuas ar sin, tá roinnt cásanna suntasacha Forbartha Bonneagair Straitéisigh Idir lámha i láthair na huaire 2017, lena n-áirítear Leathnú ar Chalafort na Gaillimhe, an tSaoráid Dramhaíl go Fuinneamh ag Rinn an Scidígh, Corcaigh, Mótarbhealach Chorcaigh go Rinn an Scidígh, plás pobail ag Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath agus ionad do chuairteoirí i sléibhte Bhaile Átha Cliath.

Outlook

Initial forecasts for 2017 predicted a 12-20% uplift increase in case intake over 2016. The Central Statistics Office reported a 20% increase across the state in the number of planning permissions granted in the first six months of 2017 which is a useful indicator of the potential pipeline of cases to An Bord Pleanála.

As well as pre-application consultation and direct applications for Strategic Housing Developments, case intake in 2017 includes new vacant site levy cases and compulsory purchase orders, categories where there has been an increase in cases as initiatives are put in place to address the current housing crisis. In addition, a number of significant Strategic Infrastructure cases are on hands including the Galway Harbour Extension, the Waste to Energy Facility at Ringaskiddy in Cork, the Cork to Ringaskiddy Motorway, a civic plaza at College Green in Dublin and a visitor centre in the Dublin mountains.